# SEACHTAIN **RÉTHAISTIL** na hEorpa


16-22 MEÁN FÓMHAIR 2026

## Téama Bliantúil: Soghluaiseacht do Chách’

’Séard atá i gceist le Soghluaisteacht do Chách ná iompar inbhuanaithe a chur ar fáil do chhuile dhuine, beag beann a ioncom, áit lonnaithe, inscne ná cumas. Idir óg agus aosta,nó aois ar bith eile!

Ó am go chéile, bíonn dúshláin agus deacrachtaí roimh leanaí, daoine óga, daoine fásta, agus daoine níos sine chun taistil go héasca, dúshláin a bhaineann le riachtanais agus cumas. Spreagann **SEACHTAIN RÉTHAISTIL** na hEorpa sinn chun leagan shoghluasisteachta a shamhlú ina mbíonn córais iompair curtha in oiriúint do gach aoisghrúpa agus a fhreastalaíonn ar riachtanais na nglún reatha agus na nglún atá le teacht. Má chomoibríonn daoine ar aoiseanna éagsúla le chéile baintear leas as scileanna agus acmhanní gach glún chun soghluaisteacht nó réthaistil atá níos ionchuimhsithí a bhaint amach. Tá an Straitéis um Chothroime Idirghlúineach foillsithe ag an gCoimisiún Eorpach mar thoradh ar phróiseas cruthaitheachta comhpháirteach críochnúil a cuireadh i bhfeidhm le bliain anuas.

I rith 2026, tugann **SEACHTAIN RÉTHAISTIL** na hEorpa deis dúinn machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le soghluaisteacht do chách cothromas agus comhoibriú idirghlúnach a threisiú



## 1. Soghluaisteacht a mhéadaíonn teagmháil na nglúnta lena chéile

Le gach glúin in ann taistil go réidh ó áit go háit, go dtí gníomhaíochtaí sóisialta chomh maith le seirbhísí sláinte, cultúrtha agus fóillíochta a bhaint amach go héasca. Le hiompar ina mhaoin don bpobal i gcoiteann, le roghanna níos inrochtana agus níos éagsúla, ar mhaithe le saol laethúil atá níos inbhuanaithe.

Cinntiú go bhfuil seirbhísí agus tairiscintí soghluaisteachta ar fáil de ló is d’oiche, i rith uaireanta seachbhuaice, agus lasmuigh de shruthanna comhaitéireachta. Tacú le roghanna soghluaisteachta atá faoi stiúir an phobail, a mhéadaíonn na spásanna agus deiseanna teagmhálacha atá ar fáil do chách, agus tuiscint nach bonneagar amháin iad na seirbhísí soghluaisteachta seo ach cumasóir sóisialta freisin. Deiseanna soghluaisteachta atá ilghnéitheach, iontaofa agus inacmhainne a chur chun cinn, agus atá ar fáil do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta araon.



## 2. Soghluaisteacht a éascaíonn malartú idir na glúnta

Le glúnta éagsúla ag roinnt acmhainní iompair, agus soghluaisteacht curtha ar fáil ag na bpobail, ar mhaithe leis an bpobail.

Seirbhísí, oiliúint agus tairiscintí soghluaisteachta a cheadú, a chuireann ar chumas na nglún éagsúil a gcuid scileanna agus sócmhainní a roinnt lena chéile. Infheistiú i dteicneolaíochtaí thraidisiúnta agus nua atá éifeachtach chun tacú le soghluaisteacht agus rochtain sa réimse fisiciúil agus digiteach araon, ag cur ar chumas na nglún éagsúil a gcuid eolais ar a gcomharsanachtaí agus ar a gcathracha a roinnt lena chéile. Timpeallachtaí nuálacha a chothaíonn comhoibriú idir na glúnta a éascú chun réitigh nua soghluaisteachta a fhorbairt a ghlacann san áireamh cumais agus riachtanais éagsúla.


**#MobilityWeek**



## 3. Soghluaisteacht a chuireann ar chumas na nglún taisteal go sábháilte agus go compordach

Ag cur seirbhísí agus deiseanna soghluaisteachta ar fáil atá sábháilte agus iontafa, a fhreastalaíonn ar gach gúin agus a thacaíonn le nósanna maireachtála atá níos sláintiúla do chách.

Ceist na soghluaisteacht agus spásanna poiblí a chíoradh le cur chuige atá báúil don achar saoil agus a oireann don duine atá mall nó tapaidh, is cuma cén luas, turas nó ceann scríbe atá i gceist. Fiosrú conas is feidir le seirbhísí bhreise feabhas a chur ar an soghluaisteacht do ghlúnta éagsúla, mar shampla leithris phoiblí, suoícháin, scáth, spás oscailte, clois súgartha,agus spáis glasa. Cinntiú nach bhfuil aon bhacainní fisiciúla nó digiteacha sna deiseanna soghluaisteachta, le cumarsáid, pleanáil, agus treorú slí atá soiléir agus a fhreastalaíonn ar roghanna agus ar riachtanais éagsúla.



## 4. Oidhreacht Shoghluaiseachta atá cothrom agus marthanach a fhréamhú

Córais shoghluaisteachta atá oiriúnach don lá inniu agus a chinntíonn an todhchaí, agus a thugann naisc, cumhachtú agus cosaint do na glúnta atá ann inniu agus na glúnta atá le teacht.

Machnamh a dhéanamh ar roghanna agus cinntí comhfhiosacha a thabharfaidh aghaidh ar na roghanna agus cinntí comhfhioscha a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais na nglúnta atá ann inniu agus a chuireann riachtanais na nglún atá le teacht san áireamh freisin, le fís fhadtéarmach don soghluaisteacht. Soghluaisteact fhreagrach a phleanáil agus a fhorbairt chun tacú le cathracha níos fearr don lá inniu agus don lá amárach, le nuálaíochtaí agus roghanna a thuganna aird ar chumas, ar acmhainn agus ar riachtanais na nglún anois agus san am atá le teacht.

Fiosrú cé hiad na scileanna agus na hacmhainní is féidir a chomhroinnt idir na glúnta atá ann anois agus a bheidh san am atá le teacht, ag tabhairt aird ar an bpobal agus an duine aonair agus meon fadbhreathnaithwach a chothú.



#MobilityWeek